2024/2564

30.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2564 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an liosta d'aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí guaise, agus é bunaithe ar na critéir a leagtar amach i gCodanna 2 go 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Cuireadh tograí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tograí lenar moladh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe a thabhairt isteach agus aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe eile a thabhairt cothrom le dáta nó a scriosadh. Tar éis do Choiste um Measúnú Priacail na Gníomhaireachta na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe lena mbaineann a chur san áireamh, ghlac sé na tuairimí ([2]) seo a leanas maidir leis na tograí sin:

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le feadáin charbóin ilbhallaí (graifít shintéiseach i gcruth feadánach) ag a bhfuil raon trastomhais feadáin gheoiméadraigh ≥ 30 nm go < 3 µm agus fad ≥ 5 µm agus cóimheas treoíochta > 3:1, lena n-áirítear nana-fheadáin charbóin ilbhallaí, MWC(N)T;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le α-meitil-1,3-beinsidhé-ocsól-5-próipianaildéad [1] (*S*)-α-meitil-1,3-beinsidhé-ocsól-5-próipianaildéad;

(2*S*)-3-(1,3-beinsidhé-ocsól-5-il)-2-meitiolprópánal [2] (*R*)-α-meitil-1,3-beinsidhé-ocsól-5-próipianaildéad; (2*R*)-3-(1,3-beinsidhé-ocsól-5-il)-2-meitiolprópánal [3];

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le hocsaím aicéatóin;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le (3*E*)-deic-3-ein-2-ón;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le 2,3-neoideacánóáit eapocsapróipile;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le próipil 3,4,5-tríhiodracsaibeansóáit;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le beintiavalacarb-iseapróipil (ISO);iseapróipil [(*S*)-1-{[(*R*)-1-(6-fluara-1,3-beinsitiasól-2-il)eitil]carbamóil}-2-meitiolpróipil]beintiavalacarb-iseapróipil;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le salaicioláit heicsile;

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le sulfar;

([1]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj.

([2]) Tá na tuairimí le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://echa.europa.eu/registry-of-clh-intentions-until-outcome/-/dislist/name/-/ecNumber/-/casNumber/-/dte_receiptFrom/-/dte_receiptTo/-/prc_public_status/Opinion+Adopted/dte_withdrawnFrom/-/dte_withdrawnTo/-/sbm_expected_submissionFrom/-/sbm_expected_submissionTo/-/dte_finalise_deadlineFrom/-/dte_finalise_deadlineTo/-/haz_addional_hazard/-/lec_submitter/-/dte_assessmentFrom/-/dte_assessmentTo/-/prc_regulatory_programme/-/.

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le mais imoibriúcháin de *N*,*N*'-eatán-1,2-dé-ilbis(deacánamíd) agus 12-hiodrocsa-*N*-[(1-ocsóideicil)aimínea]eitil]ochtaideacánaimíd agus *N*,*N*'-eatán-1,2-dé-ilbis(12-hiodrocsa-ochtaideacánaimíd) [1] mais imoibriúcháin de *N*,*N*'-eatán-1,2-dé-ilbis(deacánaimíd) agus 12-hiodrocsa-*N*-[2-[(1-ocsóideicil)aimínea]eitil]ochtaideacánaimíd [2];

— Tuairim an 18 Márta 2022 maidir le 2-[eitil[3-meitil-4-[(5-nítritiasól-2-il)asó]feinil]aimínea]eatánól;

— Tuairim an 30 Bealtaine 2022 maidir le gliofosáit (ISO); *N*-(fosfónaimeitil)glicín;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le hairgead ollmhór: [trastomhas cáithníní ≥ 1 mm];

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le púdar airgid: [trastomhas cáithníní > 100 nm < 1 mm]

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le nana-airgead: [trastomhas cáithníní > 1 nm ≤ 100 nm];

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le *S*-meitileaclór (ISO); 2-clóra-*N*-(2-eitil-6-meitilfeinil)-*N*-[(2*S*)-1-meatoscsa-2-il]aicéataimíd; (R_aS_a)-2-clóra-*N*-(6-eitil-*o*-toilil)-*N*-[(1S)-2-meatoscsa-1-meitileitil]aicéataimíd) [ina bhfuil 80-100 % de 2-clóra-*N*-(2-eitil-6-meitilfeinil)-*N*-[(2*S*)-1-meatocsaprópán-2-il]aicéataimíd agus 0-20 % de 2-clóra-*N*-(2-eitil-6-meitilfeinil)-*N*-[(2*R*)-1-meatocsaprópán-2-il]aicéataimíd];

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le 2-(démheitiolaimínea)-2-[(4-meitilfeinil)meitil]-1-[4-(morfóilín-4-yl) feinil]bútán-1-ón;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le formaildéad … %;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le haigéad formach ... %;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le díceamba (ISO); 2,5-déchlóra-6-meatocsaibeansóch; 3,6-déchlóra-2-meatocsaibeansóch;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le 7-ocsaidéchiogla[4.1.0]heaptán-3-carbocsaláit 7-ocsaidhéchiogla[4.1.0]heiptea-3-ilmeitil;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le haigéad sáraicéiteach … %;

— Tuairim an 2 Meitheamh 2022 maidir le 4-aimínea-5-hiodrocsa-3,6-bios[[4-[[2-(sulfónatocsa)eitil]sulfóinil] feinil]asó]naftailéin-2,7-déshulfónáit teitreasóidiam [1] Táirgí imoibriúcháin d'aigéad 4-aimínea-5-hiodrocsanaftailéin-2,7-déshulfónach, arna chúpláil faoi dhó le sulfáit hidrigine 2-[(4-aimínifeinil)sulfóinil] eitile dhé-asáitithe, salainn sóidiam [2] 4-aimínea-5-hiodrocsa-3,6-bis{[4-(viniolsulfóinil)feinil]dé-aiseinil} naftailéin-2,7-déshulfónáit déshóidiam [3];

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le haigéad sárbhórach, salann sóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, monaihiodráit [2] aigéad sárbhórach ($HBO(O_2)$), salann sóidiam, monaihiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam [4] árbhóráit sóidiam [5];

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le haigéad sárbhórach ($H_3BO_2(O_2)$), tríhiodráit salainn mhonasóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, teitrihiodráit [2] aigéad sárbhórach ($HBO(O_2)$), salann sóidiam, teitrihiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam, heicsihiodráit [4]

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le sárocsaimeiteabóráit sóidiam;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le bóráit trímheitile;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le eatáintiól;

mearcaptan eitile;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le *H*-beinsithrí-asól;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le meitil-1*H*-beinsithrí-asól;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le *N,N'*-meitiléindé-aicriolaimíd;

— Tuairim an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le 3-(ailliolocsa)-2-hiodrocsaprópánsulfanáit sóidiam;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le *treas*-búitil 2-eitiolsárocsaiheacsánóáit;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le n-heacsán;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le défheinil-2-ól; 2-feinilfeanól; 2-hiodrocsaidhéfheinil;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le copar [achar dromchla sonrach > 0,67 mm^2/mg];

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 mais imoibriúcháin de 1,3-dé-ocsan-5-ól agus 1,3-dé-ocsalan-4-ilmeatánól;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le 1,4-déchlóra-2-nítribeinséin;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le 2,4-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [1] (1α,2α,5α)-2,5-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [2] 2,6-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [3] 3,5-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [4] 3,6-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [5] 4,6-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [6] mais imoibriúcháin de 3,5-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad agus 2,4-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [7] démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [8] Démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [9] 1, 2,4 (nó 1,3,5)-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [10] 1,3,4-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [11] 2,2,4-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [12] 2,4,6-trímheitilcioglaiheics-3-éancarbaildéad [13] isicioglaiciotral [14] 3,5,6-trímheitilcioglaiheics-3-éin-carbaildéad [15] 4,6-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [16];

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le pireaclóstróibin (ISO); carbamáit n-meatocsa n-(2-{[1-(4-clóraifeinil)-1*H*-piorasól-3-il]ocsaimeitil}feinil) mheitile

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le sárocsaíd débheansóile, sárocsaíd bheansóile;

— Tuairim an 1 Nollaig 2022 maidir le feanpróipidín (ISO);(*R,S*)-1-[3-(4-treas-búitilfeinil)-2-meitiolpróipil] pipiridín.

(3) Fuair an Coimisiún faisnéis bhreise ó pháirtithe leasmhara a chuir in aghaidh an mheasúnaithe eolaíoch a leagtar amach i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail an 18 Márta 2022 maidir le beintiavalacarb-iseapróipil, neoideacánóáit 2,3-eapocsapróipile, feadáin charbóin ilbhallaí, salaicioláit heicsile, i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail an 2 Meitheamh 2022 maidir le hairgead ollmhór, púdar airgid agus nana-airgid agus i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail an 1 Nollaig 2022 maidir le n-heacsán agus copar. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis bhreise agus fuair sé nár leor í chun amhras a chaitheamh ar an anailís eolaíoch atá i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail.

(4) Maidir leis an tsubstaint calóga copair (iad brataithe le haigéad alafatach) (uimhir innéacs 029-019-01-X [3]), ba cheart a hiontráil maidir lena haicmiú mar shubstaint ghuaiseach don chomhshaol uisceach a leasú chun go mbeadh sí i gcomhréir leis an iontráil copair, iontráil atá níos cineálaí [achar dromchla sonrach > 0,67 mm^2/mg] (uimhir innéacs 029-026-00-0), curtha isteach san Iarscríbhinn.

(5) Maidir leis an tsubstaint copar gránaithe [4] (uimhir innéacs 029-024-00-X), ba cheart a hiontráil a scriosadh toisc go gcumhdaítear í leis an iontráil copair, iontráil atá níos cineálaí; [achar dromchla sonrach > 0,67 mm^2/mg] (uimhir innéacs 029-026-00-0), curtha isteach san Iarscríbhinn.

[3] Féach Tuairim ón gCoiste um Measúnú Priacail an 1 Nollaig 2022 maidir le copar [achar dromchla sonrach > 0,67 mm2/mg]; a liostaítear thuas;

[4] Ibidem.

(6) Is é úsáid a bhaintear as Meastacháin Ghéarthocsaineachta (ATE), den chuid is mó, iad a úsáid chun cinneadh ar an aicmiú i ndáil leis an ngéarthocsaineacht do shláinte an duine i meascáin ina bhfuil substaintí a bhfuil aicmiú géarthocsaineachta déanta orthu. Trí luachanna comhchuibhithe ATE a áireamh sna hiontrálacha a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, éascaítear comhchuibhiú an aicmithe ar mheascáin agus tacaítear le hobair na n-údarás forfheidhmiúcháin. Tar éis measúnú eolaíoch breise a dhéanamh, fuarthas luach ATE don bhealach ionanálaithe le haghaidh feanpróipidín (uimhir innéacs 612-299-00-0), chomh maith leis na cinn a mholtar i dtuairimí an Choiste um Measúnú Priacail le haghaidh substaintí eile. Ba cheart an luach ATE sin a chur isteach sa cholún leathdheireanach de Thábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(7) Na hiontrálacha a chomhfhreagraíonn d'uimhreacha innéacs 005-017-00-7, 005-017-01-4, 005-018-00-2, 005-018-01-X, 005-019-00-8, 005-019-01-5, cuireadh ina n-ionad na hiontrálacha maidir le haigéad sárbhórach, salann sóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, monaihiodráit [2] aigéad sárbhórach (HBO(O2)), salann sóidiam, monaihiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam [4] sárbhóráit sóidiam [5] (uimhir innéacs '005-022-00-4), maidir le haigéad sárbhórach (H3BO2(O2)), tríhiodráit salainn mhonasóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, teitreahiodráit [2] aigéad sárbhórach (HBO(O2)), salann sóidiam, teitreahiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam, heicsihiodráit [4] (uimhir innéacs 005-023-00-X) agus maidir le sárocsaimeiteabóráit sóidiam (uimhir innéacs 005-024-00-5) agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a scriosadh.

(8) I bhfianaise thuairimí an Choiste um Measúnú Priacail, is iomchuí aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe na substaintí lena mbaineann a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh sna tuairimí sin agus tar éis tuilleadh measúnuithe a dhéanamh.

(9) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a leasú dá réir sin.

(10) Maidir leis na haicmithe comhchuibhithe atá nua nó a tugadh cothrom le dáta, níor cheart é a bheith ina cheanglas iad a chomhlíonadh láithreach ós rud é go bhfuil gá le tréimhse áirithe ama chun go mbeidh soláthróirí in ann lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a chur in oiriúint do na haicmithe atá nua nó a tugadh cothrom le dáta agus chun go mbeidh siad in ann an stoc atá acu cheana a dhíol faoi réir na gceanglas rialála atá ann cheana. Tá ga leis an tréimhse sin freisin sa chaoi go mbeidh go leor ama ag soláthróirí chun na bearta a dhéanamh is gá chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais dlí eile a thiocfaidh as na hathruithe a dhéantar faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh acu i gcónaí. Mar sin féin, ba cheart é a bheith d'fhéidearthacht ag soláthróirí na haicmithe comhchuibhithe atá nua nó a tugadh cothrom le dáta a chur i bhfeidhm, agus an lipéadú agus an pacáistiú a chur in oiriúint dá réir, ar bhonn deonach, roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, chun ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol a bhaint amach agus chun solúbthacht leormhaith a thabhairt do sholáthróirí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2026 Mar sin féin, féadfar substaintí agus meascáin a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 arna leasú leis an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Cuid 3, Tábla 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach de réir ord comhleantach na n-uimhreacha innéacs a chomhfhreagraíonn do gach iontráil:

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
'005-022-00-4	aigéad sárbhórach, salann sóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, monaihiodráit [2] aigéad sárbhórach ($HBO(O_2)$), salann sóidiam, monaihiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam [4] sárbhóráit sóidiam [5]	234-390-0 [1] 234-390-0 [2] - [3] - [4] 239-172-9 [5]	11138-47-9 [1] 12040-72-1 [2] 10332-33-9 [3] - [4] 15120-21-5 [5]	Ox. Sol. 3 Repr. 1B Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 STOT SE 3 Eye Dam. 1	H272 H360FD H331 H302 H335 H318	GHS03 GHS08 GHS06 GHS05 Dgr	H272 H360FD H331 H302 H335 H318		trí ionanálú: ATE = 0,75 mg/L (deannaigh nó ceochaín) tríd an mbéal: ATE = 890 mg/kg de mheáchan coirp Eye Dam. 1; H318: C ≥ 22 % Eye Irrit. 2; H319: 14 % ≤ C < 22 %	11'
'005-023-00-X	aigéad sárbhórach ($H_3BO_2(O_2)$), tríhiodráit salainn monasóidiam [1] aigéad sárbhórach, salann sóidiam, teitrihiodráit [2] aigéad sárbhórach ($HBO(O_2)$), salann sóidiam, teitrihiodráit [3] sárocsabóráit sóidiam, heicsihiodráit [4]	239-172-9 [1] 234-390-0 [2] - [3] - [4]	13517-20-9 [1] 37244-98-7 [2] 10486-00-7 [3] - [4]	Repr. 1B Acute Tox. 4 STOT SE 3 Eye Dam. 1	H360FD H332 H335 H318	GHS08 GHS05 GHS07 Dgr	H360FD H332 H335 H318		trí ionanálú: ATE = 1,2 mg/L (deannaigh nó ceocháin) Eye Dam. 1; H318: C ≥ 36 % Eye Irrit. 2; H319: 22 % ≤ C < 36 %	11'

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘005-024-00-5	sárocsaimeiteabóráit sóidiam	231-556-4	7632-04-4	Ox. Sol. 2 Repr. 1B Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 STOT SE 3 Eye Dam. 1	H272 H360FD H331 H302 H335 H318	GHS03 GHS08 GHS06 GHS05 Dgr	H272 H360FD H331 H302 H335 H318		trí ionanálú: ATE = 0,62 mg/L (deannaigh nó ceocháin) tríd an mbéal: ATE = 730 mg/kg de mheáchan coirp Eye Dam. 1; H318: C ≥ 22 % Eye Irrit. 2; H319: 14 % ≤ C < 22 %	11’
‘006-104-00-2	feadáin charbóin ilbhallaí (graifít shintéiseach i gcruth feadánach) ag a bhfuil raon trastomhais feadáin gheoiméadraigh ≥ 30 nm go < 3 µm agus fad ≥ 5 µm agus cóimheas treoíochta > 3:1, lena n-áirítear nana-fheadáin charbóin ilbhallaí, MWC(N)T	—	—	Carc. 1B STOT RE 1	H350i H372 (na scamhóga)(trí ionanálú)	GHS08 Dgr	H350i H372 (na scamhóga)(trí ionanálú)		STOT RE 1; H372: C ≥ 1 % STOT RE 2; H373: 0,1 % ≤ C < 1 %’	
‘029-026-00-0	copar [achar dromchla sonrach > 0,67 mm^2/mg]	231-159-6	7440-50-8	Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H400 H410	GHS09 Wng	H410		M = 10 M = 1’	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘047-004-00-9	airgead ollmhór: [trastomhas cáithníní ≥ 1 mm]	231-131-3	7440-22-4	Repr. 2 STOT RE 2	H361f H373 (an néarchóras)	GHS08 Wng	H361f H373 (an néarchóras)’			
‘047-005-00-4	púdar airgid: [trastomhas cáithníní > 100 nm < 1 mm]	231-131-3	7440-22-4	Repr. 2 STOT RE 2 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H361f H373 (an néarchóras) H400 H410	GHS08 GHS09 Wng	H361f H373 (an néarchóras) H410		M = 10 M = 10’	
‘047-006-00-X	nana-airgead: [trastomhas cáithníní > 1 nm ≤ 100 nm]	231-131-3	7440-22-4	Repr. 2 STOT RE 2 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H361f H373 (an néarchóras) H400 H410	GHS08 GHS09 Wng	H361f H373 (an néarchóras) H410		M = 1 000 M = 1 000’	
‘603-247-00-8	mais imoibriúcháin de 1,3-dé-ocsan-5-ól agus 1,3-dé-ocsalan-4-ilmeatánól	—	—	Repr. 1B	H360Df	GHS08 Dgr	H360Df’			

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2564/oj

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘605-042-00-9	α-meitil-1,3-beinsidhéocsól-5-próipianaildéad [1] (*S*)-α-meitil-1,3-beinsidhé-ocsól-5-próipianaildéad; (2*S*)-3-(1,3-beinsidhé-ocsól-5-il)-2-meitiolpróp-ánal [2] (*R*)-α-meitil-1,3-beinsidhé-ocsól-5-próipianaildéad; (2*R*)-3-(1,3-beinsidhé-ocsól-5-il)-2-meitiolpróp-ánal [3]	214-881-6 [1] - [2] - [3]	1205-17-0 [1] 737776-68-0 [2] 737776-59-9 [3]	Skin Sens. 1B	H317	GHS07 Wng	H317’			
‘605-043-00-4	2,4-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [1] (1α,2α,5α)-2,5-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [2] 2,6-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [3] 3,5-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [4] 3,6-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [5] 4,6-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [6] mais imoibriúcháin de 3,5-démheitilcioglaihéics-3-éin-1-carbaildéad [1] agus 2,4-démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [7]	268-264-1 [1] 252-395-6 [2] - [3] 268-263-6 [4] 267-186-5 [5] 253-139-6 [6] - [7] 248-742-5 [8] 272-113-5 [9] 276-055-1 [10] - [11] - [12] 215-833-7	68039-49-6 [1] 35145-02-9 [2] 6975-94-6 [3] 68039-48-5 [4] 67801-65-4 [5] 36635-35-5 [6] - [7] 27939-60-2 [8] 68737-61-1 [9] 71832-78-5 [10] 40702-26-9 [11] 1726-47-2 [12] 1423-46-7 [13] 1335-66-6 [14]	Skin Sens. 1	H317	GHS07 Wng	H317’			

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
	démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [8] démheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [9] 1,2,4(nó 1,3,5)-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [10] 1,3,4-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [11] 2,2,4-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [12] 2,4,6-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [13] isicioglaiciotral [14] 3,5,6-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [15] 4,6,6-trímheitilcioglaiheics-3-éin-1-carbaildéad [16]	[13] 215-638-7 [14] 266-810-3 [15] - [16]	67634-07-5 [15] 6754-27-4 [16]							

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2564/oj

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘606-156-00-1	ocsaím aicéatóin	204-820-1	127-06-0	Carc. 1B Acute Tox. 4 STOT SE 3 STOT RE 2 Eye Dam. 1 Skin Sens. 1	H350 H312 H336 H373 (an córas fola) H318 H317	GHS08 GHS07 GHS05 Dgr	H350 H312 H336 H373 (an córas fola) H318 H317		tríd an gcraiceann (deirmeach): ATE = 1 100 mg/kg de mheáchan coirp’	
‘606-157-00-7	(3*E*)-deic-3-ein-2-ón	—	18402-84-1	Acute Tox. 4 Asp. Tox. 1 Skin Irrit. 2 Aquatic Chronic 2	H332 H304 H315 H411	GHS07 GHS08 GHS09 Dgr	H332 H304 H315 H411	EUH071	trí ionanálú: ATE = 1,5 mg/L (deannaigh nó ceocháin)’	
‘606-158-00-2	2-(démheitiolaimínea)-2-[(4-meitilfeinil)meitil]-1-[4-(morfóilín-4-il) feinil]bútán-1-ón	438-340-0	119344-86-4	Repr. 1B Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H360Df H400 H410	GHS08 GHS09 Dgr	H360Df H410		M = 1 M = 1’	
‘607-770-00-2	neoideacánóáit 2,3-eapocsapróipile	247-979-2	26761-45-5	Muta. 2 Skin Sens. 1A	H341 H317	GHS08 GHS07 Wng	H341 H317		Skin Sens. 1A; H317: C ≥ 0,001 %	
‘607-771-00-8	beintiavalacarb-iseapróipil (ISO); [(*S*)-1-{[(*R*)-1-(6-fluara-1,3-beinsitiasól-2-il)eitil]carbamóil-2-meitiolpróipil]carbamáit iseapróipile	—	177406-68-7	Carc. 1B Repr. 2 Skin Sens. 1 Aquatic Chronic 2	H350 H361fd H317 H411	GHS08 GHS07 GHS09 Dgr	H350 H361fd H317 H411’			
‘607-772-00-3	salaicioláit heicsile	228-408-6	6259-76-3	Repr. 2 Skin Sens. 1	H361d H317	GHS08 GHS07 Wng	H361d H317’			

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘607-773-00-9	7-ocsaidéchiogla[4.1.0] heaptán-3-carbocsaláit 7-ocsaidéchiogla[4.1.0] heiptea-3-ilmeitil	219-207-4	2386-87-0	Muta. 2 STOT RE 2 Skin Sens. 1	H341 H373 (cuas na sróine) H317	GHS08 GHS07 Wng	H341 H373 (cuas na sróine) H317’			
‘607-774-00-4	4-aimínea-5-hiodrocsa-3,6-bios[[4-[[2-(sulfónatocsa) teatrasóidiameitil]sulfóinil]feinil]asó] naftailéin-2,7-déshulfónáit [1] Táirgí imoibriúcháin d’aigéad 4-aimínea-5-hiodrocsanaftailéin-2,7-déshulfónach, arna chúpláil faoi dhó le sulfáit hidrigine 2-[(4-aimínifeinil)sulfóinil]eitile dhé-asáitithe, salainn sóidiam [2] 4-aimínea-5-hiodrocsa-3,6-bis{[4-(viniolsulfóinil) feinil]dé-aiseinil} naftailéin-2,7-déshulfónáit déshóidiam [3]	241-164-5 [1] - [2] - [3]	17095-24-8 [1] - [2] 100556-82-9 [3]	Resp. Sens. 1A Skin Sens. 1	H334 H317	GHS08 Dgr	H334 H317’			
‘607-775-00-X	3-(ailliolocsa)-2-hiodrocsaprópánsulfanáit sóidiam	258-004-5	52556-42-0	Repr. 1B Eye Dam. 1	H360F H318	GHS08 GHS05 Dgr	H360F H318’			

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharthaíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíontacha don Ráiteas Guaise		
‘609-074-00-4	1,4-déchlóra-2-nítribeinséin	201-923-3	89-61-2	Carc. 1B	H350	GHS08 Dgr	H350’			
‘611-182-00-1	2’-[eitil[3-meitil-4-[(5-nítritiasól-2-il)asó]feinil]aimínea]eatánól	271-183-4	68516-81-4	Skin Sens. 1A	H317	GHS07 Wng	H317		Skin Sens. 1A; H317: C ≥ 0,001 %	
‘612-299-00-0	feanpróipidín (ISO); (*R*,*S*)-1-[3-(4-treas-búitilfeinil)-2-meitiolpróipil]pipiridín	—	67306-00-7	Repr. 2 Acute Tox. 4 Acute Tox. 4 STOT SE 3 STOT SE 3 STOT RE 2 Skin Irrit. 2 Eye Dam. 1 Skin Sens. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H361d H332 H302 H335 H336 H373 (an néarchóras, na súile, na scamhóga) H315 H318 H317 H400 H410	GHS08 GHS07 GHS05 GHS09 Dgr	H361d H332 H302 H335 H336 H373 (an néarchóras, na súile, na scamhóga) H315 H318 H317 H410		Ionanálú: ATE = 1,2 mg/L (deannaigh nó ceocháin) tríd an mbéal: ATE = 1 330 mg/kg de mheáchan coirp M = 1 000 M = 10 000’	
‘613-350-00-X	1*H*-beinsithrí-asól	202-394-1	95-14-7	Aquatic Chronic 2	H411	GHS09 Wng	H411’			
‘613-351-00-5	meitil-1*H*-beinsithrí-asól	249-596-6	29385-43-1	Aquatic Chronic 2	H411	GHS09 Wng	H411’			
‘616-243-00-6	*N*,*N*’-meitiléindé-aicriolaimíd	203-750-9	110-26-9	Muta. 1B	H340	GHS08 Dgr	H340’			
‘617-024-00-8	*treas*-búitil-2-eitiolsárocsaiheacsánóáit	221-110-7	3006-82-4	Repr. 1B Skin Sens. 1	H360FD H317	GHS08 GHS07 Dgr	H360FD H317’			

(2) maidir leis na hiontrálacha a chomhfhreagraíonn d'uimhreacha innéacs 005-005-00-1, 016-022-00-9, 016-094-00-1, 029-019-01-X, 601-037-00-0, 604-020-00-6, 605-001-00-5, 607-001-00-0, 607-043-00-X, 607-094-00-8, 607-198-00-3, 607-315-00-8, 607-432-00-4, 613-272-00-6, 616-127-00-5 agus 617-008-00-0, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas ina n-ionad sin, faoi seach:

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
'005-005-00-1	bóráit trímheitile	204-468-9	121-43-7	Flam. Liq. 3 Repr. 1B Acute Tox. 4*	H226 H360FD H312	GHS02 GHS08 GHS07 Dgr	H226 H360FD H312			11'
'016-022-00-9	eatáintiól mearcaptan eitile	200-837-3	75-08-1	Flam. Liq. 1 Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H224 H331 H302 H400 H410	GHS02 GHS06 GHS09 Dgr	H224 H331 H302 H410		trí ionanálú: ATE = 7,1 mg/L (gala) tríd an mbéal: ATE = 680 mg/kg de mheáchan coirp'	
'016-094-00-1	sulfar	231-722-6	7704-34--9	Skin Irrit. 2	H315	GHS07 Wng	H315			
'029-019-01-X	calóga copair (iad brataithe le haigéad alafatach)			Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 Eye Irrit. 2 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H331 H302 H319 H400 H410	GHS06 GHS09 Dgr	H331 H302 H319 H410		trí ionanálú: ATE = 0,733 mg/l (deannaigh nó ceocháin) tríd an mbéal: ATE = 500 mg/kg de mheáchan coirp M = 10 M = 1	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
‘601-037-00-0	*n*-heacsán	203-777-6	110-54-3	Flam. Liq. 2 Repr. 2 Asp. Tox. 1 STOT SE 3 STOT RE 1 Skin Irrit. 2 Aquatic Chronic 2	H225 H361f*** H304 H336 H372 (an néarchóras) H315 H411	GHS02 GHS08 GHS07 GHS09 Dgr	H225 H361f*** H304 H336 H372 (an néarchóras) H315 H411			
‘604-020-00-6	défheinil-2-ól; 2-feinilfeanól; 2-hiodrocsaidhé-fheinil	201-993-5	90-43-7	Carc. 2 Skin Corr. 1 Eye Dam. 1 Skin Sens. 1B Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H351 H314 H318 H317 H400 H410	GHS08 GHS05 GHS07 GHS09 Dgr	H351 H314 H317 H410		M = 1 M = 1’	
‘605-001-00-5	formaildéad … %	200-001-8	50-00-0	Carc. 1B Muta. 2 Acute Tox. 2 Acute Tox. 4 Skin Corr. 1B Skin Sens. 1A	H350 H341 H330 H302 H314 H317	GHS08 GHS06 GHS05 Dgr	H350 H341 H330 H302 H314 H317	EUH071	trí ionanálú: ATE = 100 ppmV (gáis) tríd an mbéal: ATE = 500 mg/kg de mheáchan coirp STOT SE 3 H335: C ≥ 5 % Skin Corr. 1B; H314: C ≥ 25 % Skin Irrit. 2; H315: 5 % ≤ C < 25 % Eye Irrit. 2; H319: 5 % ≤ C < 25 %	B, D, F’

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
‘607-001-00-0	aigéad formach ... %	200-579-1	64-18-6	Flam. Liq. 3 Met. Corr. 1 Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 Skin Corr. 1A Eye Dam. 1	H226 H290 H331 H302 H314 H318	GHS02 GHS05 GHS06 Dgr	H226 H290 H331 H302 H314	EUH071	trí ionanálú: ATE = 7,4 mg/L (gala) tríd an mbéal: ATE = 500 mg/kg de mheáchan coirp Flam. Liq. 3; H226: C > 85 % Skin Corr. 1A; H314: C ≥ 90 % Skin Corr. 1B; 314: 10 % ≤ C < 90 % Skin Irrit. 2; H315: 2 % ≤ C < 10 % Eye Dam. 1; H318: C ≥ 10 % Eye Irrit. 2; H319: 2 % ≤ C < 10 %	B
‘607-043-00-X	díceamba (ISO); aigéad 2,5-déchlóra-6-meatocsaibeansóch; aigéad 3,6-déchlóra-2-meatocsaibeansóch	217-635-6	1918-00--9	Acute Tox. 4 Acute Tox. 4 STOT SE 3 STOT SE 3 Eye Dam. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 2	H332 H302 H335 H336 H318 H400 H411	GHS07 GHS05 GHS09 Dgr	H332 H302 H335 H336 H318 H410		trí ionanálú: ATE = 4,0 mg/L (deannaigh nó ceocháin) tríd an mbéal: ATE = 1 500 mg/kg de mheáchan coirp M = 1’	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
‘607-094-00-8	aigéad sáraicéiteach … %	201-186-8	79-21-0	Org. Perox. D Acute Tox. 2 Acute Tox. 2 Acute Tox. 3 Skin Corr. 1A Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H242 H330 H310 H301 H314 H400 H410	GHS02 GHS06 GHS05 GHS09 Dgr	H242 H330 H310 H301 H314 H410	EUH071	trí ionanálú: ATE = 0,2 mg/L (deann-aigh nó ceocháin) tríd an gcraiceann (deirmeach): ATE = 60 mg/kg de mheáchan coirp tríd an mbéal: ATE = 80 mg/kg de mheáchan coirp STOT SE 3 H335: C ≥ 1 % M = 10 M = 100	B, D, T’
‘607-198-00-3	3,4,5-tríhiodrac-saibeansóáit phróipile	204-498-2	121-79-9	Acute Tox. 4 Skin Sens. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H302 H317 H400 H410	GHS07 GHS09 Wng	H302 H317 H410		tríd an mbéal: ATE = 1 700 mg/kg de mheáchan coirp M = 1 M = 1’	
‘607-315-00-8	gliofosáit (ISO); *N*-(fosfónaimeitil) glicín	213-997-4	1071-83--6	Eye Dam. 1 Aquatic Chronic 2	H318 H411	GHS05 GHS09 Dgr	H318 H411’			
‘607-432-00-4	*S*-meitileaclór (ISO); 2-clór-a-*N*-(2-eitil-6-meit-ilfeinil)-*N*-[(2*S*)-1-meatocsap-rópán-2-il]aicéat-aimíd; (R_aS_a)-2-clóra-*N*-(6-eit-	—	87392-1-2-9	Carc. 2 Skin Sens. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H351 H317 H400 H410	GHS08 GHS07 GHS09 Wng	H351 H317 H410	EUH066	M = 10 M = 10’	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
	il-*o*-toilil)-*N*-[(1*S*)-2-meatocsa-1-meitileitil]aicéat-aimíd [ina bhfuil 80-100 % de 2-clóra-*N*-(2-eitil-6-meitilfein-il)-*N*-[(2*S*)-1-meat-ocsaprópán-2-il] aicéataimíd agus 0-20 % de 2-clór-a-*N*-(2-eitil-6-meit-ilfeinil)-*N*-[(2*R*)-1-meatocsap-rópán-2-yl]aicéat-aimíd]									
‘613-272-00-6	pireaclóstróibin (ISO); carbamáit *N*-meatocsa *N*-(2-{[1-(4-clóraif-einil)-1*H*-piorasól-3-il]ocsaimeitil} feinil) mheitile	—	175013--18-0	Repr. 2 Acute Tox. 3 Acute Tox. 4 STOT SE 3 STOT RE 2 Skin Irrit. 2 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H361d H331 H302 H335 H373 (an t-ae, an chonair ghastraistéig-each, cuas na sróine) H315 H400 H410	GHS08 GHS06 GHS09 Dgr	H361d H331 H302 H335 H373 (an t-ae, an chonair ghastraistéig-each, cuas na sróine) H315 H410		trí ionanálú: ATE = 0,58 mg/l (deannaigh nó ceocháin) tríd an mbéal: ATE = 450 mg/kg de mheáchan coirp M = 100 M = 100’	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
‘616-127-00-5	mais imoibriúcháin de *N,N’*-eat-án-1,2-dé-ilbis(d-deacánamíd) agus 12-hiodroc-sa-*N*-[2-[(1-ocsóid-eicil)aimínea]eitil] ochtaideacánamíd agus *N,N’*-eat-án-1,2-dé-ilbi-s(12-hiodrocsa-ochtaideacánamíd) [1] mais imoibriúcháin de *N,N’*-eat-án-1,2-dé-ilbis(d-deacánamíd) agus 12-hiodroc-sa-*N*-[2-[(1-ocsóid-eicil)aimínea]eitil] ochtaideacánamíd [2]	430-050-2 [1] - [2]	- [1] - [2]	Skin Sens. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H317 H400 H410	GHS07 GHS09 Wng	H317 H410		M = 100 M = 10’	

Uimh. Innéacs	Ainm Ceimiceach	Uimh. CE	Uimh. CAS	Aicmiú		Lipéadú			Sainteorainneacha tiúchana, M-fhachtóirí agus ATE	Nótaí
				Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire	Cóid don Ráiteas Guaise	Picteagram, Cóid don Fhocal Comharth-aíochta	Cóid don Ráiteas Guaise	Cóid Fhorlíont-acha don Ráiteas Guaise		
‘617-008-00-0	sárocsaíd débhean-sóile; sárocsaíd bheansóile	202-327-6	94-36-0	Org. Perox. B Eye Irrit. 2 Skin Sens. 1 Aquatic Acute 1 Aquatic Chronic 1	H241 H319 H317 H400 H410	GHS01 GHS02 GHS07 GHS09 Dgr	H241 H319 H317 H410		M = 10 M = 10’	

(3) scriostar na hiontrálacha a chomhfhreagraíonn d’uimhreacha innéacs 005-017-00-7, 005-017-01-4, 005-018-00-2, 005-018-01-X, 005-019-00-8, 005-019-01-5 agus 029-024-00-X.